II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/1050 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2021

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Iúil 1995, síníodh an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile ([1]), ("an Comhaontú"). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Márta 1998.

(2) Tá Poblacht na Cróite ina Ballstát den Aontas Eorpach ón 1 Iúil 2013.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, tá aontachas Phoblacht na Cróite leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú ("an Prótacal"). Faoi nós imeachta simplithe, tá prótacal le tabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír lena mbaineann.

(4) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann i bhfianaise aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas. Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na Túinéise i gcrích go rathúil an 11 Bealtaine 2018.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/1420 ón gComhairle ([2]), síníodh an Prótacal thar ceann an Aontais agus a Bhallstát sa Bhruiséil an 27 Iúil 2020 faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais agus a Bhallstát,

([1]) IO L 97, 30.3.1998, lch. 2.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/1420 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát, agus cur i bhfeidhm sealadach, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L 330, 9.10.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a fhormheas thar ceann an Aontais agus a Bhallstát ([3]).

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) den Phrótacal.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([3]) Foilsíodh téacs an Phrótacail in IO L 330 an 9.10.2020, in éineacht leis an gcinneadh maidir leis an síniú.